Comhairle Contae Dhún na nGall
Donegal County Council

# Innealtóir Cúnta

# Eolas d'Iarratasóirí

**Bealtaine, 2025**

## 1. An Post

Tá an Chomhairle ar lorg iarratas ó iarrthóirí a bhfuil na cáilíochtaí cuí agus taithí ábhartha acu faoi choinne post mar Innealtóirí Cúnta.

D'fhéadfadh sé go mbeadh Innealtóirí Cúnta de dhíth ar an Chomhairle i réimse de dhisciplíní. Clúdaíonn obair na Comhairle na Stiúrthóireachtaí a leanas: Timpeallacht agus Athrú Aeráide, Seirbhísí Uisce, Pleanáil, Iompar, Dóiteán agus Tithíocht. Thiocfadh le hInntealtóirí Feidhmitheacha bheith sannta do cheann ar bith de na cúig Cheantar Bárdais i nDún na nGall.

Moltar painéal d'iarrthóirí cáilithe a bhunú óna líonfar folúntais le linn shaolré an phainéil.

Tuairisceoidh an tInnealtóir Cúnta go díreach don Innealtóir Feidhmiúcháin Sinsearach, nó do dhuine iomchuí eile de réir mar a bheadh ainmnithe ag Comhairle Contae Dhún na nGall ó am go ham. Beidh an tInnealtóir Cúnta ag obair mar chuid d'fhoireann laistigh d'aon cheann de na réimsí seirbhíse atá leagtha amach thuas.

Déanfaidh an sealbhóir poist, faoi stiúir agus maoirsiú an bhainisteora líne iomchuí, seirbhísí innealtóireachta nó coimhdeacha de nádúr comhairleach, maoirseachta nó feidhmiúcháin a sholáthar, de réir mar a bheadh de dhíth ar an Chomhairle agus í ag cur i gcrích a cuid cumhachtaí, feidhmeanna agus dualgas.

## 2. Dualgais

Faoi stiúir agus maoirsiú an bhainisteora líne iomchuí, is é atá i gceist leis an phost ná seirbhísí innealtóireachta nó coimhdeacha de nádúr comhairleach, maoirseachta nó feidhmiúcháin a sholáthar, de réir mar a bheadh de dhíth ar an Chomhairle agus í ag cur i gcrích a cuid cumhachtaí, feidhmeanna agus dualgas.

Bheadh na príomhdhualgais ag brath ar an phost iarbhír, ach i dtéarmaí ginearálta, chuimseodh siad an méid seo a leanas:

- Nádúr, leibhéal agus patrún an éilimh don tseirbhís sa réimse/feidhm a mheas agus tosaíochtaí a mholadh don bhainisteoir líne iomchuí;
- Na straitéisí comhaontaithe a chur i bhfeidhm le freastal ar sheirbhísí reatha agus le réimse, méid nó caighdeán na seirbhísí reatha a mhéadú nó a fheabhsú agus athruithe sna straitéisí a mholadh de réir mar is gá;
- Caidreamh éifeachtach oibre a fhorbairt agus a chothú le gníomhaireachtaí seachtracha agus a chinntiú, i gcomhréir le polasaí agus gnáthaimh, go ndéantar cláir oibre a chomhordú agus a chur i bhfeidhm ina n-iomláine le comhoibriú ó gach páirtí bainteach;
- Comhoibriú torthúil idir ionadaithe tofa agus fírinne feidhmiúcháin na seirbhíse a bhaint amach agus a chothú;
- Comhoibriú den chineál chéanna le gníomhaireachtaí áitiúla forbartha a bhaint amach agus a chothú i gcomhréir leis an pholasaí a bhíonn á fhorbairt i dtaca le comhtháthú níos dlúithe an rialtais áitiúil agus na forbartha áitiúla;

- Cuidiú a chur ar fáil le cláir oibre, spriocanna agus spriocamanna a shainaithint agus a chomhaontú, agus, ina dhiaidh sin, lena gcur i bhfeidhm;
- Nuair is gá, foireann a bhainistiú agus a mhaoirsiú, de réir mar a éilíonn an post.
- Bheith ag obair mar chuid d'fhoireann éifeachtach spreagtha thiomanta agus caidreamh agus meanma dhearfach a chothú idir fostaithe i gcomhréir le dea-chleachtas fostaíochta agus leis an reachtaíocht iomchuí;
- Bheith ag obair mar chuid d'fhoireann trasfheidhme/ildisciplíneach i gcomhréir le struchtúir feidhmiúcháin na Comhairle;
- Na córais a chur i bhfeidhm atá riachtanach le tacú leis an tseirbhís;
- Tabhairt faoi aon dualgais eile ar leibhéal agus leibhéal freagrachta comhchosúil de réir mar is gá, ó am go ham.

## 3. Cáilíochtaí

Tá sé dearbhaithe ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta go mbeidh na cáilíochtaí do phost an Innealtóra Cúnta mar atá leagtha amach thíos:

### (a) Carachtar

Beidh dea-charachtar ag na hIarratasóirí.

### (b) Sláinte

Beidh sláinte ag iarratasóirí a thabharfadh le fios go bhfuil siad ábalta seirbhís rialta, éifeachtach a chur ar fáil. Iarrfar ar na daoine a cheapfar dul faoi scrúdú leighis arna dhéanamh ag Dochtúir Sláinte Cheirde na Comhairle roimh cheapadh.

### (c) Oideachas, Taithí

Ar an dáta is deireanaí faoinar gá foirmeacha iarratais comhlánaithe a bheith istigh, ní mór d'iarrthóirí:

(a) (i) Gnáthchéim bhaitsiléara san Innealtóireacht ar a laghad (leibhéal 7 nó níos airde ar an Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC) a bheith acu;

**NÓ**

(ii) Gnáthchéim bhaitsiléara (leibhéal 7 nó níos airde ar an Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC) agus céim mháistreachta iarchéime san Innealtóireacht (leibhéal 9 ar an CNC) a bheith acu;

**NÓ**

(iii) Céim mháistreachta san Innealtóireacht (leibhéal 9 ar an Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí) a bheith bainte amach acu i ndiaidh clár comhtháite máistreachta ar feadh 4 bliana ar a laghad a chur i gcrích agus atá creidiúnaithe ag leibhéal CEng ag Engineers Ireland nó ag comhlacht creidiúnaithe comhionann go hidirnáisiúnta;

(b) Dhá bhliain de thaithí shásúil ábhartha san innealtóireacht ar a laghad a bheith acu;
(c) Ardchaighdeán oiliúna teicniúla agus taithí a bheith acu;
(d) Eolas sásúil ar eagraíocht na seirbhíse poiblí a bheith acu, nó an cumas an t-eolas sin a fháil.

**Tabhair faoi deara 1:**

- Déanfar céim leibhéal 7 a mheas ar an bhonn go mbeidh an tréimhse staidéir cothrom le 180 creidiúintí ECTS (Córas Eorpach Aistrithe Creidiúna) ar a laghad.
- Baineann na riachtanais oideachais atá leagtha amach sa leabhrán eolais leis an phost Innealtóir Cúnta agus níor cheart aon tuiscint a bhaint astu maidir le poist ardú céime eile.
- Má chomhlíonann iarrthóir na riachtanais incháilitheachta don phost seo, níor cheart talamh slán a dhéanamh de go nglacfaí leis an cháilíocht reatha atá aige/aici le haghaidh poist innealtóireachta níos sinsearaí (i.e. Innealtóir Feidhmiúcháin Sinsearach agus níos airde), a bhfuil riachtanais incháilitheachta éagsúla ag baint leo.

**Tabhair faoi deara 2:**

1. Ní mór ceadúnas reatha bailí a bheith ag iarrthóirí i dtaca le feithiclí catagóir B agus ní mór dóibh a chur in iúl mura bhfuil sé seo amhlaidh.
2. I gcás aon fholúntais i dToghcheantar na nGleanntach, tá inniúlacht shásúil sa Ghaeilge riachtanach.

**(d) Bunriachtanais**

Tá méid seo a leanas inmhianaithe ach ní riachtanais éigeantacha iad:

- taithí ábhartha a bheith agat in aon réimse den innealtóireacht lena n-áirítear: Cothabháil, Tógáil agus Dearadh Bóithre; Seirbhísí Uisce; Tógáil agus Dearadh Tithe; Pleanáil agus Forbairt Pobail.
- scileanna cumarsáide agus idirphearsanta den scoth a bheith agat
- tú a bheith féinspreagtha agus treallús a léiriú i dtimpeallacht oibre
- tú a bheith in ann obair go maith mar chuid d’fhoireann
- eolas agus tuiscint leorga a bheith agat ar an dóigh a n-oibríonn an innealtóireacht
- scileanna maithe breithiúnais agus fadhbfhuascailte a bheith agat
- sárscileanna TF a bheith agat
- eolas agus feasacht mhaith a bheith agat ar Reachtaíocht agus Rialacháin Sláinte agus Sábháilteachta.

## 4. Mionsonraí an Phoist

**(a) Ginearálta**

Tá sé beartaithe ag Comhairle Contae Dhún na nGall painéal d'iarratasóirí cáilithe a chruthú do phost an Innealtóra Chúnta as a líonfar folúntais le linn shaolré an phainéil.

**(b) Promhadh**

Beidh na hiarratasóirí a cheapfar ar promhadh ar feadh tréimhse thosaigh, a shocróidh an Chomhairle.

**(c) Luach Saothair**
Is é an scála pá reatha €47,270 ar a laghad go dtí €73,335 ar a mhéad (LSI2) sa bhliain de réir Chiorclán EL 07/2025.
Íocfar na daoine a cheapfar ag an phointe chuí ar an scála tuarastail ar aon dul le Ciorclán bainteach na Roinne.
Tosóidh iontrálaithe úra ag an íosphointe ar an scála.

**(d) Bunáit**
Socróidh an Chomhairle ar an áit a lonnófar an post agus beidh sé seo ag brath ar an cheantar áirithe agus an tseirbhís chuig a sannfar an sealbhóir poist.

D'fhéadfadh sé go mbeadh roinnt taistil i gceist le ról an Innealtóra Chúnta, agus go mbeadh fanacht thar oíche i gceist le roinnt turas agus clúdófar na costais bhainteacha le liúntais iomchuí.

**(e) Cónaí**
Beidh na daoine a cheapfar ina gcónaí sa cheantar ina mbeidh na dualgais le feidhmiú nó faoi fhad réasúnta de.

**(f) Uaireanta Oibre**
35 uair an chlog sa tseachtain na gnáthuairеanta oibre a bheidh ag an té a cheapfar. Coinníonn an Chomhairle an ceart na huaireanta oibre a athrú ó am go chéile.

Beidh liúntas saoire bhliantúla de réir chiorclán LG(P) 07/2011. Uasmhireach 30 lá do na hiarrthóirí go léir.

**(g) Riachtanas Tiomána**
Beidh ar Iarratasóirí:

- **a.** Ceadúnas Tiomána chatagóir B iomlán a bheith acu.
- **b.** A bhfeithicil féin a bheith acu lena úsáid le linn a gcuid dualgas agus is le liúntais chuí a chlúdófar na costais bhainteacha.

**(h) Riachtanais Saoránachta**
Ní mór d'iarratasóirí incháilithe a bheith, ar an dáta is déanaí lena nglacfar le foirmeacha iarratais comhlánaithe;(a) Ina S(h)aoránach de chuid Limistéar Eacnamaíoch na hEorpa (EEA). Cuimsíonn an EEA na Ballstáit den Aontas Eorpach, an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua; nó(b) Ina S(h)aoránach de chuid na Ríochta Aontaithe (RA); nó(c) Ina S(h)aoránach de chuid na hEilvéise de bhun an chomhaontaithe idir an AE agus an Eilvéis maidir le saorghluaiseacht daoine; nó(d) Ina S(h)aoránach neamh-EEA ar céile nó leanbh de shaoránach EEA, RA nó Eilvéiseach é/í agus a bhfuil víosa stampa 4 aige/aici; nó(e) Ina d(h)uine ar bronnadh cosaint idirnáisiúnta air/uirthi faoin Acht Cosanta Idirnáisiúnta 2015 nó aon bhall teaghlaigh atá i dteideal fanacht sa Stát mar thoradh ar athaontú teaghlaigh agus a bhfuil víosa stampa 4 aige/aici; nó(f) Ina S(h)aoránach neamh-

EEA ar tuismitheoir leanaí cleithiúnaí é/í atá ina s(h)aoránach de chuid, agus ina c(h)ónaí i mBallstát de chuid an EEA nó san RA nó san Eilvéis agus a bhfuil víosa stampa 4 aige/aici.

**(i) Coinbhleachtaí Leasa**

Ní ghabhfaidh sealbhóir an phoist d'aon slí bheatha shochrach, seachas mar fhostaí de chuid údarás áitiúil, a mhéid a dhéanfadh dochar do chomhlíonadh a dhualgas nó a dualgas mar fhostaí d'údarás áitiúil nó d'aon slí bheatha a d'fhéadfadh a bheith ar neamhréir le leasanna an údaráis áitiúil nó a d'fhéadfadh a bheith ar neamhréir le comhlíonadh a dhualgas mar fhostaí de chuid údaráis áitiúil.

**(j) Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána**

Uaireanta beidh are iarratasóirí don phost mar Innealtóirí Cúnta dul faoi réir Ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána. Tabhair faoi deara má tá gá, go gcaithfidh gach iarratasóir Nochtadh Grinnfhiosrúcháin sásúil ón  Gharda Síochána a fháil roimh cheapachán, seachas sin, tarraingeofar siar an tairiscint fostaíochta.

Sa chás go léiríonn Nochtadh Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána go bhfuil cás ar feitheamh, ní fhéadfar leanúint ar aghaidh leis an cheapachán ag an am sin agus tarraingeofar siar an tairiscint fostaíochta. Coinneofar an t-iarratasóir,  ar an phainéal, áfach,  agus beidh sé á mheas don chéad fholúntas eile, má thagann a leithéid chun cinn le linn saolré an phainéil.

## 5. <u>Próiseas Earcaíochta</u>

**A. Foirm Iarratais**

- Ní mór iarratais a dhéanamh ar **an fhoirm iarratais oifigiúil ar líne** agus ní mór gach cuid den fhoirm a bheith líonta go hiomlán.
- Ná cuir CV isteach le d'iarratas. Ní dhéanfar ach an t-eolas atá san fhoirm iarratais ar líne a chur san áireamh agus an oiriúnacht an iarrthóra don phost á meas.
- Caithfidh iarratais a bheith faighte againn faoin spriocdháta mar atá luaite ar an fhoirm iarratais.
- Ní dhéanfar aon iarratais atá mall, caillte nó a bhfuil moill leo, a mheas ach amháin más féidir fianaise oifigiúil a chur ar fáil a léiríonn gur seoladh an t-iarratas laistigh den achar ama.

**B. Gearrliostú**

Is féidir iarratasóirí a ghearrliostú faoi choinne agallaimh ar bhonn an eolais a chuirtear ar fáil. Sa chás go mbeidh gá le beart gearrliostaithe, tionólfar Painéal saineolaithe leis na foirmeacha iarratais a scrúdú agus a mheas de réir critéir réamhshocraithe, bunaithe ar riachtanais an phoist. Mar sin de, bheadh sé le do leas cuntas mion, beacht a thabhairt ar do cháilíochtaí agus do thaithí ar an fhoirm iarratais.

Má mheastar, mar gheall ar líon agus caighdeán na n-iarratas a gheofar, gur réasúnach gan gach iarratasóir a chur faoi agallamh, ní ghlaofar chun agallaimh ach daoine ar dócha go ngnóthódh siad caighdeán ar leor é chun iad a roghnú agus a mholadh faoi choinne ceapacháin.

**C. Ceart ar Fhaisnéis agus Athbhreithniú**
Tá an Chomhairle tiomanta d'aiseolas agus faisnéis a thabhairt d'iarratasóirí. Iarratasóir ar bith ar mian leo, féadann sé/sí a iarraidh go n-athbhreithneofar an cinneadh nó an próiseas. Caithfear a leithéid d'iarratas a chur isteach i scríbhinn, ag cur in iúl na cúise atá leis an iarratas agus caithfear é seo a chur faoi bhráid na Rannóige Acmhainní Daonna, Ionad na dTrí Abhainn, Leifear, Co. Dhún na nGall faoi cheann cúig lá ó dháta fógartha cinneadh ábhartha.

**D. Rúndacht**
Faoi réir fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise 2014, is faoi rúndacht dhocht a phléifear le hiarratais.

**E. Eile**
Tá ceapacháin na Comhairle faoi réir seiceálacha sásúla maidir le teistiméireachtaí, cáilíochtaí, scrúduithe leighis agus Grinnscrúdú Garda, mar is infheidhme.

**F. Cúis Dícháilithe an Chanbhasáil**
Dícháileofar ón phost láithreach iarratasóir ar bith a dhéanann iarracht (nó a ndéanann duine iarracht ar a s[h]on) oifigeach de chuid na Comhairle (nó duine a ainmníonn sí le hagallamh a chur ar iarratasóirí nó iad a scrúdú) a chanbhasáil nó tionchar a imirt air/uirthi ar son an iarratasóra, go díreach nó go hindíre

**G. An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí**
*Tá Comhairle Contae Dhún na nGall meáite ar do chuid sonraí pearsanta a chosaint agus comhlíonaimid ár gcuid oibleagáidí faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 – 2018, agus faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí.*

- An Bunús ar a bPróiseáiltear do chuid Sonraí Pearsanta

Is é an bunús ar a bpróiseáiltear do chuid sonraí pearsanta ná d’fhonn d’iarratas ar an phost dár chuir tú isteach air le Comhairle Contae Dhún na nGall a phróiseáil faoi Théarmaí Acht Fostaíochta (Faisnéis) 1994 agus polasaithe agus gnáthaimh na Rannóige Acmhainní Daonna.

Nuair a fhaighimid d’fhoirm iarratais, cruthaímid taifead ríomhaire faoi d’ainm, ina mbíonn
go leor de na sonraí pearsanta a chuir tú ar fáil ar d’fhoirm iarratais.
Ní úsáidtear an taifead pearsanta seo ach amháin chun d’iarratas a phróiseáil. Tá tú i dteideal, in am ar bith, cóip den fhaisnéis faoi dtaobh díot féin, atá á coinneáil ar taifead againn, a fháil.

- Comhroinnt na Faisnéise

Taobh amuigh den fhoireann earcaíochta iomchuí, ní dhéanfar na sonraí ar d'fhoirm iarratais
a chomhroinnt ach d'fhonn an comórtas ar chuir tú isteach air a chur chun cinn in éineacht le
Bord gearrliostaithe agus/nó agallaimh ainmnithe.
Más amhlaidh, i ndiaidh an chomórtais, go gcuirtear ar Phainéal thú agus go dtairgtear post duit, beidh na sonraí a chuir tú ar fáil i d'fhoirm iarratais mar chuid den Chomhad Pearsanra s'agat.

De bhreis air sin, sa chás go dtairgfí post duit agus go ndearbhófá ina dhiaidh sin gur spéis leat
an post, bainfear úsáid as na sonraí ar d'fhoirm iarratais d'fhonn taifid seirbhíse agus teistiméireacht fostaíochta a iarraidh.

- Tréimhse Stórála

Coinneofar d'iarratas go ceann dhá bhliain ó dháta bunaithe an phainéil don phost seo. Déanfar iarratais nach gcuirfear ar aghaidh chuig céim an agallaimh a scriosadh i ndiaidh an
chomórtais.

Is féidir teacht ar Ráiteas Príobháideachta Chomhairle Contae Dhún na nGall ag: www.donegalcoco.ie

***Riachtanais Incháilitheachta Oideachais**

Ní mór d'iarratasóirí:

- Céim bhaitsiléara onóracha san Innealtóireacht a bheith acu (leibhéal 8 ar an Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC)) atá creidiúnaithe ag leibhéal CEng nó CEng le FL ag *Engineers Ireland**, NÓ
- Gnáthchéim bhaitsiléara (leibhéal 7 nó níos airde ar an Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC)) agus céim mháistreachta iarchéime san Innealtóireacht (leibhéal 9 ar an CNC) a bheith acu;
- Céim mháistreachta san Innealtóireacht (leibhéal 9 ar an Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí) a bheith bainte amach acu i ndiaidh clár comhtháite máistreachta ar feadh 4 bliana ar a laghad a chur i gcrích agus atá creidiúnaithe ag leibhéal CEng ag Engineers Ireland nó ag comhlacht creidiúnaithe comhionann go hidirnáisiúnta;